

[01\\_07.mp3](#)

## **Bileog 1.7**

### *Cainteoir 1*

Haló! Is mise Siobhán, tá mé i mo chónaí in áit iontach iargúlta ar fad. Níl sé díreach in aice leis an fharrage ach tá sé cóngarach go leor di. Caithfidh tú dul fríd Carn Domhnach le dul ann. Tá an baile a bhfuil mé i mo chónaí ann idir Carn Domhnach agus Baile Uí Ghormáin. Is maith liom an áit go mór, ceantar tuaithe atá ann agus mar sin níl mórán áiseanna thart ach tá na tránna go hálainn agus is breá liom na sléibhte atá thart orm. É sin ráite, tá teach tábhairne sa bhaile, oifig an phoist, siopa grósaera agus bialann bheag. Is leor sin domhsa.

### *Cainteoir 2*

Diarmuid anseo. Tá mé féin i mo chónaí i mBaile Átha Cliath, is féidir leat a rá go bhfuil mé i mo chónaí ar imeall lár na cathrach, bruachbhaile atá ann, darb ainm Ranalach. Tá mo theach díreach in aice leis an scoil ilchreidmheach ar do bhealach isteach go dtí Ranalach ó lár na cathrach. Trasnaíonn tú an chanáil agus bóthar na canálach. Ansin tá tú ar bhóthar Ranalaigh, agus téigh díreach ar aghaidh. Feicfidh tú an scoil ilchreidmheach ar do dheis agus ansin tá an stáisiún Luas go luath tar éis sin ar do dheis chomh maith. Tá mise i mo chónaí ar an chéad chasadh ar dheis tar éis an stáisiún Luas.

## **Bileog 1.9**

[01\\_09.mp3](#)

Táimse i mo chónaí in árasán i lár na cathrach. Tá an cíós daor ach is breá liom a bheith i mo chónaí i lár na cathrach. Tá na háiseanna ar fad in aice liom, na siopaí ar fad, gach saghas pictiúrlann agus iarsmalann. Tá bialanna agus caiféanna den scoth timpeall orm chomh maith. Ach tá míbhuntáistí ann freisin. Tá an ceantar dainséarach agus salach. Bíonn an-chuid daoine ar na sráideanna san oíche agus mar sin bíonn sé an-ghlórach, agus bíonn an iomarca tráichta ann gach maidin agus gach tráthnóna.